Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2025/0580(CNS)

9.3.2026

*

DRÉACHT-TUARASCÁIL

Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac (athmhúnlú)
(COM(2025)0580 – C10-0207/2025 – 2025/0580(CNS))

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Tomáš Kubín

(Athmhúnlú – Riail 113 de na Rialacha Nós Imeachta)

Siombailí le haghaidh nósanna imeachta

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí úsáid a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 42

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 44

IARSCRÍBHINN: LITIR ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA 45

IARSCRÍBHINN: TUAIRIM Ó MHEITHEAL CHOMHAIRLEACH SHEIRBHÍSÍ DLÍ PHARLAIMINT NA hEORPA , NA COMHAIRLE AGUS AN CHOIMISIÚIN.....47

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac (athmhúnlú) (COM(2025)0580 – C10-0207/2025 – 2025/0580(CNS))

(Nós imeachta reachtach speisialta - comhairliúchán - athmhúnlú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an gComhairle (COM(2025)0580),

– ag féachaint d'Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0207/2025),

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Teach na dTeachtaí san Iodáil, faoi chreat Prótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 maidir le húsáid níos struchtúrtha theicníocht an athmhúnlaithe do ghníomhartha reachtacha[1],

– ag féachaint don litir dar dáta an 11 Nollaig 2025 ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta i gcomhréir le Riail 113(3) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 113 agus do Riail 84 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A10-0000/2026),

A. de bhrí, de réir Mheitheal Chomhairleach sheirbhísí dlí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, nach bhfuil aon leasuithe substainteacha i gceist leis an togra ón gCoimisiún, seachas na leasuithe sin a shainaithnítear sa togra mar leasuithe den sórt sin, agus de bhrí, a mhéid a bhaineann le códú na bhforálacha neamhathraithe ó na gníomhartha roimhe sin in éineacht leis na leasuithe sin, gurb é atá sa togra ná códú díreach ar na téacsanna atá cheana ann, gan aon athrú ina substaint;

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna oiriúnú do na moltaí ó Meitheal Chomhairleach sheirbhísí dlíthiúla Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin agus arna leasú mar a léirítear anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

3. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici

[1] IO L 77, 28.3.2002, lch. 1.

imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;

4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Teideal 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Togra le haghaidh	Togra le haghaidh
TREOIR ÓN gCOMHAIRLE	TREOIR ÓN gCOMHAIRLE
maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac (athmhúnlú)	maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar ***thobac amh,*** thobac ***monaraithe*** agus ar tháirgí a bhaineann le tobac (athmhúnlú)

Or. en

Réasúnú

Chinn an Coimisiún Eorpach an Córas um Rialú agus um Ghluaiseacht Máil (EMCS) a chur i bhfeidhm maidir le tobac amh agus aontaíonn an rapóirtéir leis an gcur chuige sin. Déileálann an Treoir anois ní hamháin le tobac monaraithe mar a rinneadh roimhe seo, ach le tobac amh nua freisin. Dá bhrí sin, measann an Rapóirtéir gurb iomchuí teideal an togra a leasú beagán ionas go mbeidh na focail 'tobac amh' ann.

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Lua 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,	Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1a],

[1a] ***Tuairim an 18 Feabhra 2026 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).***

Or. en

Réasúnú

Theastaigh ón rapóirtéir an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a glacadh le déanaí a thabhairt dá aire go foirmiúil.

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Tá athrú suntasach tagtha ar an margadh tobac ó glacadh Treoir 2011/64/AE. Cuireadh táirgí nua ar an margadh, táirgí iad ina bhfuil tobac nó nicitín, agus a fheidhmíonn mar tháirgí ionaid i gcomhair tobac monaraithe. Mar fhreagairt air sin, tá bearta náisiúnta éagsúla tugtha isteach ag na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis na hionadaithe sin ***a shaobhann an iomaíocht agus a bhaineann an bonn*** d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. Ar mhaithe le cánachas aonfhoirmeach agus cothrom, ba cheart na hionadaigh sin ar thobac monaraithe a bheith faoi réir struchtúr comhchuibhithe dleachta máil agus íosrátaí comhchuibhithe dleachta máil san Aontas. Leis an Treoir seo, níor cheart na rialacha maidir le tobac béil a chomhchuibhiú, ar tobac é a thoirmeasctar a chur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ar mhaithe le soiléireacht, leis an Treoir seo níor cheart na rialacha cánachais maidir le tobac béil a chuirtear ar mhargadh Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 151 d'Ionstraim Aontachais na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne a chomhchuibhiú.	(2) Tá athrú suntasach tagtha ar an margadh tobac ó glacadh Treoir 2011/64/AE. Cuireadh táirgí nua ar an margadh, táirgí iad ina bhfuil tobac nó nicitín, agus a fheidhmíonn mar tháirgí ionaid i gcomhair tobac monaraithe. Mar fhreagairt air sin, tá bearta náisiúnta éagsúla tugtha isteach ag na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis na hionadaithe sin***, agus dúshlán is ea iad*** d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. Ar mhaithe le cánachas aonfhoirmeach agus cothrom, ba cheart na hionadaigh sin ar thobac monaraithe a bheith faoi réir struchtúr comhchuibhithe dleachta máil agus íosrátaí comhchuibhithe dleachta máil san Aontas. Leis an Treoir seo, níor cheart na rialacha maidir le tobac béil a chomhchuibhiú, ar tobac é a thoirmeasctar a chur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ar mhaithe le soiléireacht, leis an Treoir seo níor cheart na rialacha cánachais maidir le tobac béil a chuirtear ar mhargadh Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 151 d'Ionstraim Aontachais na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne a chomhchuibhiú.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Is gá a áirithiú go leanann reachtaíocht fhioscach an Aontais maidir le tobac agus táirgí a bhaineann le tobac d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus, an tráth céanna, de leibhéal ard cosanta sláinte an duine a áirithiú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh tobac agus táirgí a bhaineann le tobac díobháil thromchúiseach a dhéanamh don tsláinte , gur socraíodh mar chuspóir i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa[2] go mbainfí amach Eoraip atá saor ó thobac agus go bhfuil an tAontas ina Pháirtí sa Chreat-Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte . Chun an dá chuspóir sin a bhaint amach, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí an trádáil aindleathach tobac a chomhrac, go háirithe allmhairiú aindleathach tobac agus táirgí gaolmhara ó thríú tíortha[3] . Tá méadú ag teacht ar an tóir atá ar tháirgí nua (leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha, tobac monaraithe eile, púitsí nicitín agus táirgí nicitín eile), go háirithe i measc daoine óga, agus chomh maith leis an riosca bunúsach don tsláinte phoiblí a bhaineann leis na táirgí sin, is féidir leo a bheith ina dtúsphointe i dtreo gnáthnósanna caite tobac.	(3) Is gá a áirithiú go leanann reachtaíocht fhioscach an Aontais maidir le tobac agus táirgí a bhaineann le tobac d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus, an tráth céanna, de leibhéal ard cosanta sláinte an duine a áirithiú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh tobac agus táirgí a bhaineann le tobac díobháil thromchúiseach a dhéanamh don tsláinte , gur socraíodh mar chuspóir i bPlean Sáraithe Ailse na hEorpa[2] go mbainfí amach Eoraip atá saor ó thobac agus go bhfuil an tAontas ina Pháirtí sa Chreat-Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte . Chun an dá chuspóir sin a bhaint amach, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí an trádáil aindleathach tobac a chomhrac, go háirithe allmhairiú aindleathach tobac agus táirgí gaolmhara ó thríú tíortha[3] . Tá méadú ag teacht ar an tóir atá ar tháirgí nua (leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha, tobac monaraithe eile, púitsí nicitín agus táirgí nicitín eile), go háirithe i measc daoine óga, agus chomh maith leis an riosca bunúsach don tsláinte phoiblí a bhaineann leis na táirgí sin, is féidir leo a bheith ina dtúsphointe i dtreo gnáthnósanna caite tobac. ***Ar an láimh eile, léiríonn staidéir[3a] nach mbíonn táirgí nua chomh díobhálach i gcoitinne ná toitíní indóite traidisiúnta agus gur féidir leo cabhrú le daoine a chaitheann tobac aistriú uathu níos réidh.***
[2] Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, COM(2021) 44 final.	[2] Plean Sáraithe Ailse na hEorpa, COM(2021) 44 final.

[3] I gcás na Cipire, an ‘líne ghlas’ de réir Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le córas faoi Airteagal 2 de Phrótacal 10 atá i gceangal leis an Ionstraim Aontachais (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/866/2015-08-31)

[3] I gcás na Cipire, an ‘líne ghlas’ de réir Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le córas faoi Airteagal 2 de Phrótacal 10 atá i gceangal leis an Ionstraim Aontachais (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/866/2015-08-31)

[3a] **Ambildhok, Kadambari A et al.** ***Assessing the Health Impacts of Heated Tobacco Products Compared to Traditional Tobacco Use: A Systematic Review of Current Evidence. Cureus 17(10). DOI: 10.7759/cureus.95166***

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Faoi láthair, tá an costas maireachtála ag méadú ar fud an Aontais. Agus íosleibhéil nua chánachais á socrú do tháirgí tobac, tá sé ríthábhachtach cineál cúlchéimnitheach na gcánacha tobac agus an t-ualach díréireach airgeadais a bhaineann le húsáid tobac ar ghrúpaí daonra ar ioncam íseal a chur san áireamh. I bhfianaise leitheadúlacht níos airde an chaithimh tobac i measc teaghlaigh ar ioncam níos ísle agus an sciar i bhfad níos mó dá dtuilleamh a chaitear ar tháirgí tobac, bíonn tionchar i bhfad níos mó ag méaduithe cánach orthu ná mar a bhíonn ag teaghlaigh ar ioncam níos airde.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ba cheart sainmhíniú a thabhairt ar na cineálacha éagsúla tobac monaraithe agus ar na cineálacha éagsúla táirgí a bhaineann le tobac , arna n-idirdhealú de réir a saintréithe agus de réir na caoi a n-úsáidtear iad.	(6) Ba cheart sainmhíniú a thabhairt ar na cineálacha éagsúla tobac monaraithe agus ar na cineálacha éagsúla táirgí a bhaineann le tobac , arna n-idirdhealú de réir a saintréithe***, de réir na rioscaí sláinte éagsúla a bhaineann leo*** agus de réir na caoi a n-úsáidtear iad.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus chun an chalaois a chomhrac is gá idirdhealú a dhéanamh idir tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh, tobac eile lena chaitheamh , tobac píopa uisce agus tobac téite. ***Is gá idirdhealú a dhéanamh freisin idir todóga agus todóigíní chun comhsheasmhacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun ligean do na Ballstáit córais chánachais a oiriúnú i gcás inar gá chun an t-ionadú arb é an cánachas is cúis leis a sheachaint.***	(8) Chun deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú agus chun an chalaois a chomhrac is gá idirdhealú a dhéanamh idir tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh, tobac eile lena chaitheamh , tobac píopa uisce agus tobac téite.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ar mhaithe le cánachas aonfhoirmeach agus cothrom, ba cheart sainmhíniú ar thoitíní, todóga, todóigíní , tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh, tobac eile lena chaitheamh , tobac píopa uisce, tobac téite agus tobac monaraithe eile a leagan síos ionas gur mar 2 thoitín nó níos mó a dhéileálfar le rollaí tobac ar féidir a mheas gur 2 thoitín nó níos mó iad de réir a bhfaid ***, gur mar thodóigín a dhéileálfar le todóg atá ar uasmheáchan 3 g***, gur mar thobac mínghearrtha a dhéileálfar le tobac lena chaitheamh atá comhchosúil ar go leor bealaí le tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh , gur mar thobac píopa uisce a dhéileálfar le tobac is féidir a úsáid i bpíopa uisce, gur mar thobac téite a dhéileálfar le tobac a théitear nó a ghníomhachtaítear ar shlí eile trí imoibriú ceimiceach, gur mar thobac monaraithe eile a dhéileálfar le tobac a ullmhaítear agus a bheartaítear lena thomhailt ag an duine, agus go ndéantar iarmhar tobac a shainmhíniú go soiléir.	(9) Ar mhaithe le cánachas aonfhoirmeach agus cothrom, ba cheart sainmhíniú ar thoitíní, todóga ***agus*** todóigíní , tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh, tobac eile lean chaitheamh , tobac píopa uisce, tobac téite agus tobac monaraithe eile a leagan síos ionas gur mar 2 thoitín nó níos mó a dhéileálfar le rollaí tobac ar féidir a mheas gur 2 thoitín nó níos mó iad de réir a bhfaid, gur mar thobac mínghearrtha a dhéileálfar le tobac lena chaitheamh atá comhchosúil ar go leor bealaí le tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh , gur mar thobac píopa uisce a dhéileálfar le tobac is féidir a úsáid i bpíopa uisce, gur mar thobac téite a dhéileálfar le tobac a théitear nó a ghníomhachtaítear ar shlí eile trí imoibriú ceimiceach, gur mar thobac monaraithe eile a dhéileálfar le tobac a ullmhaítear agus a bheartaítear lena thomhailt ag an duine, agus go ndéantar iarmhar tobac a shainmhíniú go soiléir.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Ar mhaithe le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, is gá dleachtanna máil íosta a shocrú do na catagóirí uile de thobac monaraithe agus de tháirgí a bhaineann le tobac. Ba cheart dleachtanna máil íosta éagsúla a bhunú do gach catagóir tobac agus táirge a bhaineann le tobac chun difríochtaí i saintréithe táirgí agus an chaoi a n-úsáidtear ***iad*** a léiriú.	(12) Ar mhaithe le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, is gá dleachtanna máil íosta a shocrú do na catagóirí uile de thobac monaraithe agus de tháirgí a bhaineann le tobac. Ba cheart dleachtanna máil íosta éagsúla a bhunú do gach catagóir tobac agus táirge a bhaineann le tobac chun difríochtaí i saintréithe táirgí***, rioscaí sláinte*** agus an chaoi a n-úsáidtear ***na táirgí*** a léiriú.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Chun nach dtitfidh sé chun dífheidhmeachta le himeacht ama, ba cheart nuashonrú a dhéanamh ar íosráta dleachta máil an Aontais gach 3 bliana ar bhonn athruithe in innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí de chuid an Aontais, arna fhoilsiú ag Eurostat.	(13) Chun nach dtitfidh sé chun dífheidhmeachta le himeacht ama, ba cheart nuashonrú a dhéanamh ar íosráta dleachta máil an Aontais gach 3 bliana ar bhonn athruithe in innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí de chuid an Aontais ***seachas fuinneamh agus bia neamhphróiseáilte (croíbhoilsciú)***, arna fhoilsiú ag Eurostat. ***Ba cheart an coigeartú a bheith bunaithe ar an gcroí-bhoilsciú seachas ar bhoilsciú ceannlíne chun luaineacht iomarcach a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar mhéaduithe suntasacha ar phraghsanna earraí níos luainí amhail fuinneamh agus bia a sheachaint. Thairis sin, ba cheart go n-áiritheofaí le huasteorainn choigeartaithe 12 % intuarthacht níos fearr d'údaráis chánach náisiúnta agus do mhargadh na dtáirgí tobac. Níor cheart feidhm a bheith ag an sásra coigeartaithe boilscithe ach amháin tar éis dheireadh na hidirthréimhse chun an leibhéal castachta do na Ballstáit a laghdú.***

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Le méid áirithe cóineasaithe, chuideofaí le leibhéal ard cosanta do	(18) Le méid áirithe cóineasaithe, chuideofaí le leibhéal ard cosanta do

shláinte an duine a áirithiú. Is gné thábhachtach é an leibhéal cánachais i bpraghas táirgí tobac agus táirgí a bhaineann le tobac , rud a imríonn tionchar ar nósanna caite na dtomhaltóirí. Baineann calaois agus smuigleáil an bonn de leibhéil praghsanna de bharr cánach, go háirithe i gcás toitíní agus tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh, agus ar an gcaoi sin cuirtear i mbaol baint amach na gcuspóirí rialaithe tobac agus cosanta sláinte.	shláinte an duine a áirithiú. Is gné thábhachtach é an leibhéal cánachais i bpraghas táirgí tobac agus táirgí a bhaineann le tobac , rud a imríonn tionchar ar nósanna caite na dtomhaltóirí. Baineann calaois agus smuigleáil an bonn de leibhéil praghsanna de bharr cánach, go háirithe i gcás toitíní agus tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh, agus ar an gcaoi sin cuirtear i mbaol baint amach na gcuspóirí rialaithe tobac agus cosanta sláinte. ***Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, aird a thabhairt ar an tionchar atá ag íosrátaí nua dleachta máil ar thrádáil aindleathach agus ar fhás an mhargaidh dhuibh. Is príomhchuspóir é cuspóirí sláinte poiblí a bhaint amach agus, ag an am céanna, gan tomhaltóirí a dhreasú chun táirgí níos saoire a chuardach ar an margadh dubh. Ba cheart íosleibhéil chánachais a chinneadh ar bhealach leordhóthanach agus cúramach chun cás a sheachaint ina roghnódh tomhaltóirí, mar gheall ar mhéaduithe suntasacha ar íosrátaí, táirgí tobac a fháil ón margadh dubh, as a dtiocfadh iarmhairtí diúltacha féideartha ar ioncam cánach agus staid sláinte poiblí gan athrú.***
	Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Is gá na leibhéil íosta le haghaidh tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh a thabhairt níos gaire do na leibhéil íosta is infheidhme maidir le toitíní, ionas gur fearr a chuirtear san áireamh an méid iomaíochta atá ann idir an dá tháirge, arna léiriú sna patrúin tomhaltais a fheictear, chomh maith leis an nádúr chomh díobhálach céanna atá iontu a chur san áireamh. ***Ar an gcaoi***	(23) Is gá na leibhéil íosta le haghaidh tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh a thabhairt níos gaire do na leibhéil íosta is infheidhme maidir le toitíní, ionas gur fearr a chuirtear san áireamh an méid iomaíochta atá ann idir an dá tháirge, arna léiriú sna patrúin tomhaltais a fheictear, chomh maith leis an nádúr chomh díobhálach céanna atá

chéanna, is é is aidhm don mhéadú ar íoschoinníollacha an Aontais maidir le todóga, todóigíní agus tobac eile lena chaitheamh an bhearna leis an ráta toitíní a laghdú chun cóineasú de réir a chéile a bhaint amach idir táirgí agus chun an riosca a bhaineann le hionadú trastáirgí a íoslaghdú .	iontu a chur san áireamh.

Or. en

Réasúnú

Ní mheasaimid todóga / todóigíní a bheith ina n-ionadaigh féideartha do thoitíní. Tá patrúin tomhaltais an-difriúla (minicíocht, ócáid), déimeagrafaíocht tomhaltóirí, rátaí andúile etc. mar shaintréith den dá ghrúpa táirgí.

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23a) A mhéid a bhaineann le todóga agus todóigíní, is deighleog mhargaidh shainiúil agus imeallach iad na táirgí sin ag a bhfuil sciar beag foriomlán, acmhainneacht theoranta ionadaíochta le toitíní mar gheall ar phróifílí éagsúla tomhaltóirí agus patrúin tomhaltais éagsúla, agus is iad fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chomh maith le gnólachtaí faoi úinéireacht teaghlaigh atá fréamhaithe go domhain i ngeilleagair réigiúnacha a tháirgeann iad den chuid is mó. Chun comhréireacht a chaomhnú agus chun díobháil mhíchuí don chatagóir nideoige sin a sheachaint, ba cheart na saintréithe uathúla sin a léiriú go sainráite sna dleachtanna máil íosta, amhail méid íseal an mhargaidh, úsáid ócáideach seachas úsáid laethúil, agus ionadú trastáirgí íosta, agus cóireáil cánach atá difreáilte ó thaobh struchtúir agus ábhair de ó thoitíní á coinneáil ag an am céanna.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 23 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23b) I bhfianaise shainiúlachtaí an mhargaidh todóg agus todóigín, ba cheart don Choimisiún, faoi cheann... [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-íosrátaí dleachta máil nua is infheidhme maidir le todóga agus todóigíní ar FBManna agus ar mhonaróirí faoi úinéireacht teaghlaigh, ar shlabhraí fostaíochta agus soláthair réigiúnacha, agus ar phatrúin ionadaíochta. I gcás ina léirítear sa mheasúnú go bhfuil tionchair dhíréireacha ar FBManna, ar mhonaróirí faoi úinéireacht teaghlaigh nó ar fhostaíocht réigiúnach, ba cheart don Choimisiún togra reachtach a thíolaic chun na híosrátaí is infheidhme nó struchtúr na rátaí sin a choigeartú chun comhréireacht a áirithiú agus chun difreálach iomchuí a choinneáil i leith toitíní.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Chun breith ar an ilchineálacht atá ann faoi láthair ó thaobh formáidí de thobac téite, is é is oiriúnaí, ar mhaithe le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, go	(25) Chun breith ar an ilchineálacht atá ann faoi láthair ó thaobh formáidí de thobac téite, is é is oiriúnaí, ar mhaithe le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, go

socrófaí dleacht mháil íosta fhoriomlán arna sloinneadh mar chéatadán, mar mhéid in aghaidh an chileagraim nó le haghaidh líon áirithe ítimí. ***Dá bhrí sin, ba cheart an dleacht mháil íosta fhoriomlán a shloinneadh mar mhéid in aghaidh an chileagraim nó mar mhéid le haghaidh líon áirithe ítimí ag brath ar an gcineál táirge tobac téite lena mbaineann.***

socrófaí dleacht mháil íosta fhoriomlán arna sloinneadh mar chéatadán, ***nó*** mar mhéid in aghaidh an chileagraim nó le haghaidh líon áirithe ítimí.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) A mhéid a bhaineann le leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha, ba cheart gach ceann de na leachtanna sin a bheith faoi réir leibhéal íosta cánach, ***agus ráta níos airde a bheith ann le haghaidh leachtanna ina bhfuil tiúchan*** nicitín ***is airde ná 15 mg/ml chun éagsúlacht na dtáirgí a léiriú agus chun imghabháil cánach a chosc trí mheascáin 'déan féin é'***.	(27) A mhéid a bhaineann le leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha, ba cheart gach ceann de na leachtanna sin a bheith faoi réir leibhéal íosta cánach, ***gan beann ar cé acu atá nicitín iontu nó nach bhfuil. Mura gcaithfear an t-ábhar*** nicitín ***a fhíorú, ba cheart forfheidhmiú agus maoirseacht a dhéanamh níos éasca do na húdaráis chánach náisiúnta. De réir Tionscadal Suirbhé Scoileanna Eorpacha um Alcól agus Drugaí eile, a rinneadh le déanaí, bhain beagnach leath de mhic léinn na hEorpa triail as toitíní leictreonacha uair amháin ar a laghad ina saolré agus bhain 22 % de mhic léinn úsáid astu le mí anuas.[1a] Dá bhrí sin, ba cheart go léireodh beartas cánachais an méadú atá ag teacht ar an tóir atá ag daoine óga ar thoitíní leictreonacha***.

[1a] Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh. Tionscadal Suirbhé Scoileanna na hEorpa maidir le hAlcól agus Drugaí Eile (ESPAD). euda.europa.eu. lch. 18. Ar fáil ó: https://www.euda.europa.eu/publications/data-factsheets/espad-2024-key-

findings_ga

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Chun go mbeidh na Ballstáit in ann iad féin a oiriúnú go réidh i leith na leibhéal dleachta máil foriomláine, agus ar an gcaoi sin teorainn a chur le hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart idirthréimhsí ***4*** bliana le haghaidh todóga, todóigíní, tobac píopa uisce, tobac téite, tobac eile lena chaitheamh, tobac monaraithe eile, púitsí nicitín agus táirgí nicitín eile, le méadú ar an dleacht mháil tar éis ***2 bhliain***, a leagan síos .	(29) Chun go mbeidh na Ballstáit in ann iad féin a oiriúnú go réidh i leith na leibhéal dleachta máil foriomláine, agus ar an gcaoi sin teorainn a chur le hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart idirthréimhsí ***5*** bliana le haghaidh todóga, todóigíní, tobac píopa uisce, tobac téite, tobac eile lena chaitheamh, tobac monaraithe eile, púitsí nicitín agus táirgí nicitín eile mar aon le méadú ar an dleacht mháil tar éis ***3 bliana*** a leagan síos .

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Ar chúiseanna a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar na híosrátaí Aontais a shocraítear leis an Treoir seo chun athruithe ar an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí a léiriú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid	(34) Ar chúiseanna a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar na híosrátaí Aontais a shocraítear leis an Treoir seo chun athruithe ar an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí***, seachas fuinneamh agus bia neamhphróiseáilte (croíbhoilsciú),*** a léiriú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go

oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[4] . Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[4] . Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

_____

[4] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

_____

[4] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(36) Ba cheart íosleibhéil a shocrú le haghaidh táirgí nua tobac agus nicitín agus ionas go laghdófar na difreálaigh chánach atá ann cheana, agus na forbairtí sa mhargadh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo á gcur san áireamh. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an treoir sin, agus an t-athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar Threoir 2014/40/AE (an Treoir um Tháirgí Tobac) á chur san áireamh, agus ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar chomhionannú féideartha na leibhéal cánachais do chatagóirí	***scriosta***

éagsúla táirgí, agus na híosleibhéil chánachais do thobac téite agus do tháirgí a bhaineann le tobac dá dtagraítear in Airteagal 20(2)(f) agus in Airteagal 22 á mhéadú dá réir sin.

Or. en

Réasúnú

Is é ár dtuairim nach dréachtú fónta dlíthiúil é a bheith bunaithe san athmhúnlú reatha ar na cinntí ba cheart don Choimisiún a dhéanamh amach anseo. Thairis sin, ní léir cén fáth a bhfuil gá le cothromú na leibhéal cánachais le haghaidh catagóirí éagsúla táirgí agus cén fáth a bhfuil sé inmhianaithe ar an gcéad dul síos.

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) todóga;	(b) todóga ***agus todóigíní*;**

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) todóigíní;	***scriosta***

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe d – pointe iv a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ia) tobac píopa uisce

Or. en

Réasúnú

Chun míniú a fháil, féach an réasúnú le leasú 27.

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) tobac píopa uisce;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Chun míniú a fháil, féach an réasúnú le leasú 27.

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Is todóga iad todóigíní ina bhfuil uasmheáchan 3 gram an ceann.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tá an mhír seo imithe i léig de bharr deireadh a chur leis an bhforoinnt idir todóga agus todóigíní a mhol an Coimisiún. Ní fheiceann an Rapóirtéir aon fhiúntas i bhforoinnt na dtodóg agus na dtodóigíní, toisc go ngearrtar an cháin chéanna orthu ar aon nós. Molann an rapóirtéir aon chatagóir amháin 'todóga agus todóigíní' a bheith ann agus, dá bhrí sin, níl gá leis an uasmheáchan 3 g a thuilleadh.

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) iarmhar tobac a chuirtear ar miondíol, nach dtagann faoi ***Airteagal 3 agus Airteagal 4(1)***, agus ar féidir é a chaitheamh. Chun críoch an Airteagail seo, measfar gurb é atá in iarmhar tobac fuílligh duilleog tobac agus seachtháirgí a fhaightear ó phróiseáil tobac nó ó mhonarú táirgí tobac.	(b) iarmhar tobac a chuirtear ar miondíol, nach dtagann faoi ***Airteagal 3(1), Airteagal 4(1), Airteagal 7(1) agus Airteagal 8*** agus ar féidir é a chaitheamh. Chun críoch an Airteagail seo, measfar gurb é atá in iarmhar tobac fuílligh duilleog tobac agus seachtháirgí a fhaightear ó phróiseáil tobac nó ó mhonarú táirgí tobac.

Or. en

Réasúnú

Is soiléiriú teicniúil é seo ina sonraítear nach féidir iarmhar tobac a mheas mar thobac lena chaitheamh ach amháin mura dtagann sé faoi na sainmhínithe ar thoitíní, todóga/todóigíní, tobac téite nó tobac monaraithe eile.

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 5 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Measfar gur 'tobac píopa uisce' é tobac lena chaitheamh a dhíoltar nó a bheartaítear a dhíol lena úsáid i bpíopa uisce chun astaíochtaí a tháirgeadh a chuirtear trí leacht roimh ionanálú ag na húsáideoirí.

Or. en

Réasúnú

The definition of 'waterpipe tobacco' has been revised and relocated. Specifically, the word "can" has been replaced with "sold or intended to be sold" to close an existing loophole explained below. Having 'waterpipe tobacco' as a separate category (Commission version) creates a potential issue: virtually all smoking tobacco could be classified as waterpipe

tobacco whenever it is physically possible to use it in a waterpipe, regardless of the manufacturer's intended purpose. Since the proposed minimum tax rate for waterpipe tobacco is lower than the rate for other smoking tobacco and for fine-cut tobacco for the rolling of cigarettes, this creates a significant risk for tax administrations. Manufacturers and importers could claim that their products "can" be used in a waterpipe — even when this is not their intended or primary use — and thereby qualify for the lower tax rate. Therefore, we adapted the definition and put waterpipe tobacco under 'smoking tobacco' to close this loophole.

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 6	***scriosta***
1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn 'tobac píopa uisce' tobac ar féidir é a úsáid i bpíopa uisce chun astaíochtaí a tháirgeadh a théann trí leacht sula ndéanann na húsáideoirí na hastaíochtaí a ionanálú.	
2. Is mar thobac píopa uisce a dhéileálfar le táirgí arb é atá iontu go hiomlán nó go páirteach substaintí seachas tobac ach ar substaintí iad a thagann ar shlí eile faoin sainmhíniú a leagtar amach i mír 1.	
3. Is mar thobac lena chaitheamh a dhéileálfar le táirgí a thagann faoi na sainmhínithe a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 5 araon, agus ar féidir iad a úsáid i bpíopa uisce mar thobac píopa uisce agus mar thobac lena chaitheamh.	
4. Is mar thobac téite a dhéileálfar le táirgí a thagann faoi na sainmhínithe a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 7 araon, agus ar féidir iad a úsáid i bpíopa uisce mar thobac píopa uisce agus mar thobac téite.	

Or. en

Réasúnú

Féach an réasúnú le leasú 16 (sainmhíniú aistrithe agus coigeartaithe ar thobac píopa uisce).

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘tobac téite’ tobac a théitear nó a ghníomhachtaítear ar shlí eile trí imoibriú ceimiceach nó trí mhodh éigin eile chun astaíocht a tháirgeadh ina bhfuil nicitín nó ceimiceáin eile, agus atá beartaithe lena hionanálú ag úsáideoir, seachas trí phíopa uisce dá dtagraítear in Airteagal ***6(1)***.	1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘tobac téite’ tobac a théitear nó a ghníomhachtaítear ar shlí eile trí imoibriú ceimiceach nó trí mhodh éigin eile chun astaíocht a tháirgeadh ina bhfuil nicitín nó ceimiceáin eile, agus atá beartaithe lena hionanálú ag úsáideoir, seachas trí phíopa uisce dá dtagraítear in Airteagal ***5(2a)***.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 7 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Má dhéantar cáin a ghearradh ar thobac téite in aghaidh na míreanna i gcomhréir le hAirteagal 20(1), pointe (b), measfar, chun críocha dleachta máil, gur dhá mhír í mír tobac téite dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcás ina bhfuil an cion tobac níos airde ná 0,45 gram ach nach bhfuil sé níos airde ná 0,75 gram, gur trí mhír í i gcás ina bhfuil an cion tobac níos airde ná 0,75 gram ach nach bhfuil sé níos airde ná 1,05 gram, agus gur ítim bhreise amháin í i gcás gach 0,3 gram de chion tobac dar tús 1,05 gram.

Or. en

Réasúnú

Is mian linn a chinntiú nach rachfar timpeall ar na híosrátaí nua dleachta máil trí na "bataí" tobac téite nó na míreanna a dhéanamh níos mó/níos troime agus cáin a ghearradh orthu fós mar mhír amháin. Luaitear i measúnú tionchair an Choimisiúin go bhfuil meánmheáchan bataí tobac téite thart ar 0.3g (leathanach 101), agus dá bhrí sin bhunaíomar na tairseacha seo a leanas chun cánachas cothrom ar bhataí móra féideartha a áirithiú.

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘toitín leictreonach’ táirge ar féidir a úsáid le haghaidh gal a thomhailt ***trí bhéalóg***, nó aon chomhpháirt den táirge sin***, lena n-áirítear cartús, umar agus gaireas gan chartús ná umar agus*** atá indiúscartha nó in-athlíonta ***trí bhíthin coimeádán athlíonta nó umair***, nó atá in-athluchtaithe ***le cartúis aon úsáide***.	2. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘toitín leictreonach’ táirge is féidir a úsáid chun gal a thomhailt, nó aon chomhpháirt den táirge sin is féidir a bheith indiúscartha nó in-athlíonta, nó atá in-athluchtaithe.

Or. en

Réasúnú

Is é an cuspóir anseo lúb ar lár a d’fhéadfadh a bheith ann a dhúnadh agus an sainmhíniú a dhéanamh chomh leathan agus is féidir.

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘púitsí nicitín’ táirgí ina bhfuil nicitín atá beartaithe lena iontógáil ó bhéal***, ar táirgí iad a mheasctar le*** snáithíní glasraí nó ***le*** substráit choibhéiseach, a chuirtear i láthair i gcodanna saicín nó i saicíní póiriúla nó i bhformáid	1. Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn ‘púitsí nicitín’ táirgí ina bhfuil nicitín atá beartaithe lena iontógáil ó bhéal ***agus*** snáithíní glasraí nó substráit choibhéiseach, a chuirtear i láthair i gcodanna saicín nó i saicíní póiriúla nó i bhformáid choibhéiseach agus nach bhfuil

choibhéiseach agus nach bhfuil tobac iontu.	tobac iontu.

Or. en

Réasúnú

Is é an cuspóir atá ann arís lúb ar lár a d'fhéadfadh a bheith ann a dhúnadh. Go teoiriciúil, ní fhéadfadh an táirgeoir na comhábhair a mheascadh agus treoir a thabhairt don tomhaltóir iad a mheascadh díreach roimh an úsáid, agus ar an gcaoi sin éalú ón sainmhíniú ar phúitsí nicitín mar tháirge inchánach. Dá bhrí sin, molaimid an tagairt don mheascadh a scriosadh.

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. An ráta Aontais a úsáidtear chun leibhéal íosta cánach táirge a chinneadh, agus dá bhforáiltear in Airteagal 16, Airteagal 20(2) agus Airteagal 22(2), déanfar é a choigeartú trí mhéadú nó laghdú a chur ar an mbonnmhéid in euro de réir an athraithe céatadáin le linn na 3 bliana féilire roimhe sin ar mheánluach bliantúil Aontais gach míreanna an Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí arna fhoilsiú ag Eurostat.	2. An ráta Aontais a úsáidtear chun leibhéal íosta cánach táirge a chinneadh, agus dá bhforáiltear in Airteagal 16, Airteagal 20(2) agus Airteagal 22(2), déanfar é a choigeartú trí mhéadú nó laghdú a chur ar an mbonnmhéid in euro de réir an athraithe céatadáin le linn na 3 bliana féilire roimhe sin ar mheánluach bliantúil Aontais gach míreanna an Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí ***seachas fuinneamh agus bia neamhphróiseáilte*** arna fhoilsiú ag Eurostat. ***Ní dhéanfar ráta an Aontais a úsáidtear chun íosleibhéal cánach táirge a chinneadh a choigeartú níos mó ná 12 %.***

Or. en

Réasúnú

Chun mionsonraí a fháil maidir leis an gcroí-bhoilsciú, féach aithris 13. Is é is aidhm d'uasteorainn 12 % an choigeartaithe uasta oiriúnuithe na n-íosrátaí a dhéanamh níos intuartha agus níos so-ghalaithe.

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. An chuid den íosráta arna sloinneadh mar mhéid in aghaidh an chileagraim, in aghaidh an mhillilítir, nó in aghaidh líon ítimí ar leith is infheidhme i mBallstát, is éard a bheidh inti toradh na suime ar aon ***trian*** den ráta Aontais le haghaidh na catagóire comhfhreagraí, arna iolrú faoin innéacs praghasleibhéal agus arna roinnt ar chéad, móide ***dhá thrian*** den ráta Aontais le haghaidh na catagóire comhfhreagraí. Ciallaíonn innéacs praghasleibhéal an t-innéacs a fhoilsíonn Eurostat agus ina sloinntear an praghasleibhéal i mBallstát ar leith le haghaidh tomhaltas aonair iarbhír i gcoibhneas le meán ualaithe an Aontais. Bainfidh na Ballstáit úsáid as an innéacs praghasleibhéal de chuid na bliana roimh bhliain an choigeartaithe.	3. An chuid den íosráta arna sloinneadh mar mhéid in aghaidh an chileagraim, in aghaidh an mhillilítir, nó in aghaidh líon ítimí ar leith is infheidhme i mBallstát, is éard a bheidh inti toradh na suime ar aon ***leath*** den ráta Aontais le haghaidh na catagóire comhfhreagraí, arna iolrú faoin innéacs praghasleibhéal agus arna roinnt ar chéad, móide ***aon leath*** den ráta Aontais le haghaidh na catagóire comhfhreagraí. Ciallaíonn innéacs praghasleibhéal an t-innéacs a fhoilsíonn Eurostat agus ina sloinntear an praghasleibhéal i mBallstát ar leith le haghaidh tomhaltas aonair iarbhír i gcoibhneas le meán ualaithe an Aontais. Bainfidh na Ballstáit úsáid as an innéacs praghasleibhéal de chuid na bliana roimh bhliain an choigeartaithe.

Or. en

Réasúnú

Creidimid gur uirlis úsáideach é an t-innéacs leibhéal praghsanna chun na híosrátaí a dhéanamh níos cothroime ar fud na mBallstát a bhfuil staideanna eacnamaíocha an-éagsúil acu. Dá bhrí sin, ba cheart é a fheabhsú agus ba cheart a ualú i ríomh an íosráta deiridh a mhéadú ó aon trian go leath.

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 chun leasú a dhéanamh ar na híosrátaí Aontais a leagtar	5. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ***gach bliain faoin 28 Feabhra*** i gcomhréir le hAirteagal 31 chun leasú a dhéanamh ar na

síos in Airteagal 16, Airteagal 20(2) agus Airteagal 22(2), ar bhealach a léiríonn an coigeartú a rinneadh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

híosrátaí Aontais a leagtar síos in Airteagal 16, Airteagal 20(2) agus Airteagal 22(2), ar bhealach a léiríonn an coigeartú a rinneadh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. ***Cuirfidh na Ballstáit na híosleibhéil nua chánachais i bhfeidhm ón 1 Eanáir den bhliain tar éis bhliain ghlactha an ghnímh tharmligthe faoi seach.***

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 12 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. ***Ní bheidh*** feidhm ag ***míreanna 1-5 den Airteagal seo maidir leis na hidirthréimhsí a bhunaítear in Airteagal 20(4) agus (5) agus in Airteagal 22(3) agus (4)***.	6. ***Beidh*** feidhm ag ***mír 2 ón 1 Eanáir 2036 amach***.

Or. en

Réasúnú

Is gné iomlán nua é innéacsú na n-íosrátaí cánach ar leibhéal an Aontais a sheasfaidh an aimsir an Treoir ach a chuirfidh le castacht údaráis chánach na mBallstát freisin. Dá bhrí sin, chinneamar an fhoráil maidir le hinnéacsú (mír 2) a chur i bhfeidhm tar éis dheireadh na hidirthréimhse agus na tréimhse 3 bliana féilire ina dhiaidh sin.

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir leis an dleacht mháil fhoriomlán ar thoitíní, beidh sé ina sciar ***63*** % ar a laghad de mheánphraghas miondíola ualaithe na dtoitíní a scaoiltear lena gcaitheamh. Ní bheidh an dleacht mháil sin níos lú ná an	Maidir leis an dleacht mháil fhoriomlán ar thoitíní, beidh sé ina sciar ***60*** % ar a laghad de mheánphraghas miondíola ualaithe na dtoitíní a scaoiltear lena gcaitheamh. Ní bheidh an dleacht mháil sin níos lú ná an

ráta Aontais, arb é atá ann EUR 215 in aghaidh 1 000 toitín arna choigeartú i comhréir le hAirteagal 12, gan beann ar an meánphraghas miondíola ualaithe.	ráta Aontais, arb é atá ann EUR 215 in aghaidh 1 000 toitín arna choigeartú i comhréir le hAirteagal 12, gan beann ar an meánphraghas miondíola ualaithe.

Or. en

Réasúnú

I gcás roinnt Ballstát, ní féidir an cuspóir 63 % a bhaint amach. I bhfianaise na heaspa idirthréimhse do thoitíní, is gá an céatadán a laghdú go 60 %.

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Mar sin féin, na Ballstáit a thoibhíonn dleacht mháil atá ar a laghad chomh hard céanna le ráta an Aontais arb é atá ann EUR 274 in aghaidh 1 000 toitín , arna choigeartú de réir Airteagal 12, ar bhonn an mheánphraghais miondíola ualaithe, ní gá dóibh comhlíonadh a dhéanamh ar an gceanglas maidir le dleacht mháil fhoriomlán ***63*** % den mheánphraghas miondíola ualaithe toitíní a scaoiltear lena gcaitheamh cheanglas ***63*** % a leagtar amach sa chéad fhomhír den Airteagal seo.	Mar sin féin, na Ballstáit a thoibhíonn dleacht mháil atá ar a laghad chomh hard céanna le ráta an Aontais arb é atá ann EUR 274 in aghaidh 1000 toitín , arna choigeartú de réir Airteagal 12, ar bhonn an mheánphraghais miondíola ualaithe, ní gá dóibh comhlíonadh a dhéanamh ar an gceanglas maidir le dleacht mháil fhoriomlán ***60*** % den mheánphraghas miondíola ualaithe toitíní a scaoiltear lena gcaitheamh cheanglas ***60*** % a leagtar amach sa chéad fhomhír den Airteagal seo.

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 19 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) todóga	(a) Todóga ***agus todóigíní;***

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 19 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) todóigíní;	***scriosta***

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 19 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh;	***scriosta***

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 19 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) tobac ***eile*** lena chaitheamh;	(d) tobac lena chaitheamh ***lena n-áirítear***: ***(i) tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh;*** ***(ii) tobac píopa uisce;*** ***(iii) tobac eile lena chaitheamh;***

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 19 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) tobac píopa uisce;	***scriosta***

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 20 – mír 2 – tábla

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún			
(a)	todóga	:	sciar ***40 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin nó an ráta Aontais arb é atá ann ***EUR 143*** in aghaidh 1 000 ítim nó in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12 ;
(b)	***todóigíní***	***:***	***sciar 40 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin nó an ráta Aontais arb é atá ann EUR 143 in aghaidh 1 000 ítim nó in aghaidh an chileagraim arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;***
(c)	tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh	***:***	sciar ***62 %*** den mheánphraghas miondíola ualaithe ar thobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh a scaoiltear lena dtomhailt, nó an ráta Aontais, arb é atá ann ***EUR 215*** in aghaidh an chileagraim , arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12 ;
(d)	tobac ***eile*** lena chaitheamh	:	sciar 50 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann EUR 143 in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12 ;
(e)	tobac píopa uisce	:	sciar ***50 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann ***EUR 107*** in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;

(f)	tobac téite	:	sciar ***55 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann ***EUR 108*** in aghaidh an 1 000 ítim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12; sciar ***55 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann ***EUR 155*** in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;
(g)	tobac monaraithe eile	:	sciar ***50 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann ***EUR 143*** in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12.
	Leasú		
(a)	todóga ***agus todóigíní***	:	sciar ***15 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin nó an ráta Aontais arb é atá ann ***EUR 54*** in aghaidh 1000 ítim nó in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12 ;
(d)	tobac lena chaitheamh		
(i)	tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh	:	sciar ***50 %*** den mheánphraghas miondíola ualaithe ar thobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh a scaoiltear lena dtomhailt, nó an ráta Aontais, arb é atá ann ***EUR 180*** in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;
(ii)	tobac píopa uisce	:	sciar ***33 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann ***EUR 80*** in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;
(iii)	tobac eile lena chaitheamh	:	sciar ***35 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann ***EUR 110*** in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;
(f)	tobac téite	:	sciar ***40 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann ***EUR 80*** in aghaidh an 1 000 ítim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12; ***nó sciar 40 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann ***EUR 260*** in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;
(g)	tobac monaraithe eile	:	sciar ***35 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann ***EUR 110*** in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12.

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 20 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. De mhaolú ar mhír 2, ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig ***2029***, maidir le rátaí dleachta máil, áiritheoidh na Ballstáit i gcás todóga ***nó*** todóigíní go mbeidh siad ar a laghad EUR 12 in aghaidh 1 000 ítim nó in aghaidh an chileagraim nó 5 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, i gcás todóga agus todóigíní go mbeidh siad ar a laghad EUR 22 in aghaidh an chileagraim nó 20 % den praghas miondíola lena n-áirítear gach cáin i gcás tobac eile lena chaitheamh agus tobac píopa uisce, ar a laghad EUR ***88*** in aghaidh an 1 000 ítim nó EUR ***125*** in aghaidh an chileagraim nó ***45 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin ar thobac téite, agus ar a laghad EUR 0 in aghaidh an chileagraim nó 0 % den praghas miondíola lena n-áirítear gach cáin i gcás tobac monaraithe eile.	4. De mhaolú ar mhír 2, ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig ***2030***, maidir le rátaí dleachta máil, áiritheoidh na Ballstáit i gcás todóga ***agus*** todóigíní go mbeidh siad ar a laghad EUR 12 in aghaidh 1 000 ítim nó in aghaidh an chileagraim nó 5 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, i gcás todóga agus todóigíní go mbeidh siad ar a laghad EUR 22 in aghaidh an chileagraim nó 20 % den praghas miondíola lena n-áirítear gach cáin i gcás tobac lena chaitheamh agus tobac píopa uisce, ar a laghad EUR ***58*** in aghaidh an 1 000 ítim nó EUR ***83*** in aghaidh an chileagraim nó ***20 %*** den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin ar thobac téite, agus ar a laghad EUR 0 in aghaidh an chileagraim nó 0 % den praghas miondíola lena n-áirítear gach cáin i gcás tobac monaraithe eile.

Or. en

Réasúnú

Cuirtear síneadh bliana leis an idirthréimhse. Chun teacht ar na rátaí deiridh inmhianaithe le haghaidh táirgí tobac téite mar a leagtar amach sa tábla in Airt. 20 mír 2, rinneadh na rátaí a bhí i bhfeidhm le linn na hidirthréimhse a oiriúnú dá réir.

Leasú 45

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 20 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. De mhaolú ar mhír 2, ón 1 Eanáir	5. De mhaolú ar mhír 2, ón 1 Eanáir

2030 go dtí an 31 Nollaig ***2031***, áiritheoidh na Ballstáit gurb ionann rátaí dleachta máil agus EUR ***71,5*** ar a laghad in aghaidh 1 000 ítim nó in aghaidh an chileagraim nó ***20*** % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin ar thodóga ***nó*** todóigíní, EUR 71,5 ar a laghad in aghaidh an chileagraim nó 25 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin ar thobac eile lena chaitheamh, EUR 54 in aghaidh an chileagraim ar a laghad nó 25 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin ar thobac píopa uisce, EUR ***98*** ar a laghad in aghaidh an 1 000 ítim nó EUR ***140*** in aghaidh an chileagraim nó ***50*** % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin ar thobac téite, agus EUR 71,5 in aghaidh an chileagraim nó 25 % ar a laghad den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin ar thobac monaraithe eile.	***2031*** go dtí an 31 Nollaig ***2032***, áiritheoidh na Ballstáit gurb ionann rátaí dleachta máil agus EUR ***24*** ar a laghad in aghaidh 1 000 ítim nó in aghaidh an chileagraim nó ***10*** % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin ar thodóga ***agus*** todóigíní, EUR 71,5 ar a laghad in aghaidh an chileagraim nó 25 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin ar thobac eile lena chaitheamh, EUR 54 in aghaidh an chileagraim ar a laghad nó 25 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin ar thobac píopa uisce, EUR ***68*** ar a laghad in aghaidh an 1 000 ítim nó EUR ***97*** in aghaidh an chileagraim nó ***30*** % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin ar thobac téite, agus EUR 71,5 in aghaidh an chileagraim nó 25 % ar a laghad den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin ar thobac monaraithe eile.

Or. en

Réasúnú

Cuirtear síneadh bliana leis an idirthréimhse. Chun teacht ar na rátaí deiridh inmhianaithe le haghaidh todóga agus todóigíní agus táirgí tobac téite mar a leagtar amach sa tábla in Airt. 20 mír 2, rinneadh na rátaí a bhí i bhfeidhm le linn na hidirthréimhse a oiriúnú dá réir.

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) i gcás leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha, dleacht shonrach arna sloinneadh mar mhéid in aghaidh an mhillilítir;

Or. en

Réasúnú

Tá an foirmliú seo níos sainiúla agus níos oiriúnaí do leachtanna maidir le toitíní

leictreonacha.

Leasú 47

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) dleacht shonrach arna sloinneadh mar mhéid in aghaidh an chileagram;	(b) ***i gcás púitsí nicitín agus táirgí nicitín eile,*** dleacht shonrach arna sloinneadh mar mhéid in aghaidh an chileagram***, nó mar mhalairt air sin i gcás líon áirithe ítimí***;

Or. en

Réasúnú

Is é an cuspóir atá ann cur chuige a thabhairt isteach atá saincheaptha do gach catagóir táirgí agus a bheith chomh sonrach agus is féidir.

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) meascán ***den dá rud***, lena gcomhcheanglaítear eilimint ad valorem agus eilimint shonrach.	(c) meascán ***de (a) agus (aa), nó (a) agus (b) dá réir sin,*** lena gcomhcheanglaítear eilimint ad valorem agus eilimint shonrach.

Or. en

Réasúnú

Is é an cuspóir atá ann cur chuige a thabhairt isteach atá saincheaptha do gach catagóir táirgí agus a bheith chomh sonrach agus is féidir.

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Maidir leis an dleacht mháil fhoriomlán ar leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha, arna sloinneadh mar chéatadán nó mar mhéid in aghaidh an mhillilítir, beidh sí ar a laghad ***coibhéiseach leis na rátaí nó na híosmhéideanna a leagtar síos le haghaidh na nithe seo a leanas:***	2. Maidir leis an dleacht mháil fhoriomlán ar leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha***, bíodh nicitín iontu nó ná bíodh***, arna sloinneadh mar chéatadán nó mar mhéid in aghaidh an mhillilítir, beidh sí ***40 %*** ar a laghad ***den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin nó ráta an Aontais de EUR 0,36 in aghaidh an mhillilítir, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12.***

Or. en

Réasúnú

Chun forfheidhmiú na Treorach a dhéanamh níos indéanta d'údaráis chánach náisiúnta, chinneamar na leibhéil chéanna chánachais a thabhairt isteach le haghaidh leachtanna le haghaidh toitíní leictreonacha (vápaí) gan beann ar chion nicitín an leachta. Ní bheadh ar údaráis chánach agus chustaim scrúdú a dhéanamh ar an ábhar nicitín chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

Leasú 50

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) leachtanna ina bhfuil idir 0 mg nicitín in aghaidh an mhillilítir agus uasmhéid 15 mg nicitín in aghaidh an mhillilítir: sciar 20 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann EUR 0,12 in aghaidh an mhillilítir, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;	***scriosta***

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) leachtanna ina bhfuil cion is mó ná 15 mg nicitín in aghaidh an mhillilítir: sciar 40 % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann EUR 0,36 in aghaidh an mhillilítir, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12.	***scriosta***

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir leis an dleacht mháil fhoriomlán, arna sloinneadh mar chéatadán ***nó*** mar mhéid in aghaidh an mhillilítir, ón 1 Eanáir 2030 ar aghaidh, beidh sí ar a laghad coibhéiseach leis na rátaí nó na híosmhéideanna a leagtar síos le haghaidh na nithe seo a leanas:	Maidir le dleacht mháil fhoriomlán , arna sloinneadh mar chéatadán***,*** mar mhéid in aghaidh an chileagraim ***nó le haghaidh líon ítimí ar leith***, ón 1 Eanáir 2030 ar aghaidh, beidh sí ar a laghad coibhéiseach leis na rátaí nó na híosmhéideanna a leagtar síos le haghaidh na nithe seo a leanas:

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) púitsí nicitín: sciar ***25*** % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann EUR ***71,5*** in aghaidh an chileagraim;	(a) púitsí nicitín: sciar ***20*** % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann EUR ***57*** in aghaidh an chileagraim;

Or. en

Réasúnú

Níl dleacht mháil ar phúitsí nicitín tugtha isteach ach ag roinnt Ballstát cheana féin. Dá bhrí sin, is gá an luas a bhaineann le cáin a ghearradh orthu a laghdú beagán.

Leasú 54

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) táirgí nicitín eile: sciar ***25*** % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin.	(b) táirgí nicitín eile: sciar ***20*** % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin.

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ón 1 Eanáir ***2032***, áiritheoidh na Ballstáit dá dtagraítear sa chéad abairt de mhír 3 den Airteagal seo go mbeidh an dleacht mháil fhoriomlán, arna sloinneadh mar chéatadán ***nó*** mar mhéid in aghaidh an chileagraim, coibhéiseach ar a laghad leis na rátaí nó na híosmhéideanna a leagtar síos le haghaidh na nithe seo a leanas:	4. Ón 1 Eanáir ***2033***, áiritheoidh na Ballstáit dá dtagraítear sa chéad abairt de mhír 3 den Airteagal seo go mbeidh an dleacht mháil fhoriomlán, arna sloinneadh mar chéatadán***,*** mar mhéid in aghaidh an chileagraim ***nó le haghaidh líon áirithe míreanna***, coibhéiseach ar a laghad leis na rátaí nó na híosmhéideanna a leagtar síos le haghaidh na nithe seo a leanas:

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) púitsí nicitín: sciar ***50*** % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann EUR ***143*** in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;	(a) púitsí nicitín: sciar ***35*** % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin, nó an ráta Aontais arb é atá ann EUR ***100*** in aghaidh an chileagraim, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 12;

Or. en

Réasúnú

Níl dleacht mháil ar phúitsí nicitín tugtha isteach ach ag roinnt Ballstát cheana féin. Thairis sin, luann an Coimisiún féin ina mheasúnú tionchair go bhféadfadh na rátaí atá beartaithe le haghaidh púitsí nicitín 'cliseadh margaidh' a spreagadh i roinnt Ballstát (leathanach 103). Is gá, dá bhrí sin, na híosrátaí deiridh a choinneáil indéanta agus níos réadúla.

Leasú 57

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 22 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) táirgí nicitín eile: sciar ***50*** % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin.	(b) táirgí nicitín eile: sciar ***35*** % den phraghas miondíola lena n-áirítear gach cáin.

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 26 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) tobac monaraithe agus táirgí a bhaineann le tobac a scriostar faoi mhaoirseacht riaracháin;

Or. en

Réasúnú

Is breisiú an-teicniúil é seo lena dtugtar aghaidh ar chásanna ina n-athraíonn na Ballstáit na dleachtanna máil ar tháirgí le stampaí cánach (e.g. toitíní). I gcásanna den sórt sin, táirgí a bhfuil stampa cánach orthu lena léirítear an ráta dleachta máil (níos ísle) a bhí ann roimhe sin, níor cheart dóibh fanacht i gcúrsaíocht a luaithe a bheidh deireadh leis an idirthréimhse. Ar an gcúis sin, tá coimeádaithe údaraithe stórais agus oibreoirí eacnamaíocha ábhartha eile i dteideal aisíocaíocht a fháil ar an dleacht mháil a íocadh cheana, ar choinníoll go ndéantar na táirgí a tharraingt siar ón margadh agus a scriosadh faoi mhaoirseacht na n-údarás inniúil.

Leasú 59

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 28 – mír 1 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
An fhaisnéis atá ar fáil agus a bhfuil gá léi chun an tuarascáil a ullmhú, arna iarraidh sin dóibh, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin faoi bhráid an Choimisiúin***, lena n-áirítear an fhaisnéis is gá chun comparáid a dhéanamh idir an méid máil a bhailítear agus an méid máil atá dlite gach bliain ar a gcríoch***.	Déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin, an fhaisnéis atá ar fáil agus is gá chun an tuarascáil a ullmhú a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Or. en

Réasúnú

Creidimid go bhfuil go leor saineolais agus acmhainní ag an gCoimisiún chun an fhaisnéis sin a bhailiú as a stuaim féin. Ina theannta sin, ní mheasaimid go bhfuil gá leis an bhfaisnéis sin chun go n-ullmhódh an Coimisiún an tuarascáil ábhartha.

Leasú 60

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 28 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ba cheart íosleibhéil a shocrú le haghaidh táirgí nua tobac agus nicitín agus ionas go laghdófar na difreálaigh chánach atá ann cheana, agus na	***scriosta***

forbairtí sa mhargadh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo á gcur san áireamh. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an treoir seo gan moill mhíchuí, agus an t-athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar Threoir 2014/40/AE (an Treoir um Tháirgí Tobac) á chur san áireamh aige, agus ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar chomhionannú féideartha na leibhéal cánachais do chatagóirí éagsúla táirgí, agus na híosleibhéil chánachais do thobac téite agus do tháirgí a bhaineann le tobac dá dtagraítear in Airteagal 20(2)(f) agus in Airteagal 22 á mhéadú dá réir sin.

Or. en

Réasúnú

Is é ár dtuairim nach dréachtú fónta dlíthiúil é a bheith bunaithe san athmhúnlú reatha ar na cinntí ba cheart don Choimisiún a dhéanamh amach anseo. Thairis sin, ní léir cén fáth a bhfuil gá le cothromú na leibhéal cánachais le haghaidh catagóirí éagsúla táirgí agus cén fáth a bhfuil sé inmhianaithe ar an gcéad dul síos.

Leasú 61

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 28 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 28a
	Faoi … [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar thionchar na n-íosrátaí dleachta máil nua is infheidhme maidir le todóga agus todóigíní ar FBManna, ar mhonaróirí faoi úinéireacht teaghlaigh, ar fhostaíocht réigiúnach, ar shlabhraí soláthair, agus ar phatrúin ionadaíochta. I gcás ina léirítear sa mheasúnú go bhfuil tionchair dhíréireacha ar FBManna, ar mhonaróirí faoi úinéireacht teaghlaigh nó ar fhostaíocht réigiúnach, ba cheart don

Choimisiún togra reachtach a thíolacadh chun na híosrátaí is infheidhme nó struchtúr na rátaí sin a choigeartú chun comhréireacht a áirithiú agus chun difreálach iomchuí a choinneáil i leith toitíní.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is é is aidhm don Treoir maidir le Cánachas Tobac na rialacha i ndáil le cánachas tobac a thabhairt cothrom le dáta i dtéarmaí íosrátaí dleachta máil agus trí tháirgí núíosacha a bhaineann le tobac atá tagtha chun cinn ó rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar an Treoir maidir le Cánachas Tobac a chur san áireamh. I bhfianaise an dá chuspóir a bhaineann le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus ardleibhéal cosanta sláinte araon a áirithiú, is gá cothromaíocht uaillmhianach, indéanta agus réalaíoch a aimsiú. Tuigeann an Rapóirtéir, ar ndóigh, an gá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le cánachas tobac san Aontais - tá na híosrátaí ag éirí as dáta mar gheall ar mhéaduithe pá agus boilsciú, tá táirgí nua tagtha isteach sa mhargadh agus tá leibhéal áirithe comhchuibhithe inmhianaithe ar fud Bhallstáit an Aontais. Thairis sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag cánachas tobac ar an tsláinte phoiblí.

Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach an chothromaíocht cheart a bhaint amach. Ní mór na híosrátaí cánachais a ardú ar bhealach cúramach agus machnamhach, agus na héifeachtaí uile a d'fhéadfadh a bheith ar thomhaltóirí, ar údaráis chánach náisiúnta agus ar mhargadh na dtáirgí tobac á gcur san áireamh. Braitheann éifeachtacht na ndleachtanna máil ní hamháin ar leibhéal na n-íosrátaí, ach freisin ar luas, struchtúr agus intuarthacht a gcur chun feidhme. D'fhéadfadh coigeartuithe róthobann nó dochta margaí dlíthiúla a shaobhadh agus dreasachtaí don trádáil aindleathach a mhéadú, rud a bhainfeadh an bonn de chuspóirí bailithe ioncaim agus forfheidhmithe araon. Sin é an fáth a molann an Rapóirtéir méadú níos céimsí agus níos pragmataí ar na híosrátaí.

Breithniú lárnach ar an Tuarascáil is ea cóir dhifreáilte táirgí bunaithe ar a saintréithe, a rioscaí sláinte agus a bpatrúin úsáide. Aithnítear sa togra ón gCoimisiún éagsúlacht na dtáirgí tobac agus nicitín agus tugtar isteach struchtúir chánach shonracha le haghaidh catagóirí aonair. Tacaíonn an Rapóirtéir leis an gcur chuige difreáilte sin agus measann sé go bhfuil sé ríthábhachtach sainiúlachtaí táirgí tobac éagsúla a mheas i gcónaí.

Tugtar aghaidh sa Tuarascáil freisin ar an gcothromaíocht idir cuspóirí sláinte poiblí agus struchtúr fioscach. Tugann fianaise le fios go bhféadfadh rioscaí níos ísle a bheith ag baint le roinnt táirgí neamh-indóite ná toitíní traidisiúnta agus go bhféadfadh siad cur le tomhaltas laghdaithe na dtáirgí is díobhálaí. Creideann an Rapóirtéir, dá bhrí sin, gur cheart, leis an mbeartas maidir le dleacht mháil, cur chuige a oireann do chách a sheachaint agus gur cheart próifílí riosca coibhneasta a léiriú ar bhealach comhréireach.

Thug an Coimisiún dhá shásra nua isteach sa Treoir maidir le Cáin Tobac - innéacsú na n-íosrátaí a tharlaíonn gach trí bliana agus an t-innéacs leibhéal praghsanna. Measann an Rapóirtéir go bhfuil an dá uirlis úsáideach chun Treoir maidir le Cáin Tobac a dhéanamh slán i bhfad na haimsire. Rinne an Tuarascáil an uirlis innéacsaithe a oiriúnú trína teorannú don chroíbhoilsciú agus trí uasteorainn 12 % a thabhairt isteach le haghaidh coigeartú uasta le haghaidh intuarthacht níos fearr. Áirithítear leis an innéacs leibhéil praghsanna cinneadh níos cothroime maidir leis na híosrátaí bunaithe ar cé chomh hard is atá leibhéal ginearálta na bpraghsanna i mBallstát ar leith. Aontaíonn an Rapóirtéir leis an loighic sin agus chinn sé gur cheart ualú innéacs leibhéal na bpraghsanna i ríomh an íosráta deiridh a mhéadú ó aon trian go leath.

Ar deireadh, leagtar béim sa Tuarascáil ar ról na n-idirthréimhsí maidir le cur chun feidhme

rianúil an chreata dhlíthiúil nua a éascú. Le córais idirthréimhseacha, cuirtear ar chumas na mBallstát agus na rannpháirtithe sa mhargadh iad féin a chur in oiriúint de réir a chéile do rátaí íosta méadaithe, rud a laghdaíonn an baol go gcuirfí isteach ar an margadh agus go mbeadh trádáil aindleathach níos airde ann. Dá bhrí sin, chinn an Rapóirtéir síneadh bliana a chur leis an idirthréimhse go dtí deireadh 2032.

Ar an mbonn sin, moltar sa Tuarascáil coigeartuithe spriocdhírithe arb é is aidhm dóibh comhréireacht, comhleanúnachas agus éifeachtacht phraiticiúil an togra ón gCoimisiún a neartú, agus a phríomhchuspóirí á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Tobacco Europe AISBL, reg. number: 1496873833-97
European Cigar Manufacturers Association, reg. number: 92802501097-37
an Coimisiún Eorpach
Smoke Free Partnership, reg. number: 6403725595-50
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Ionadaí ar bith

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32021Q0611(01)).

IARSCRÍBHINN: LITIR ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA

11.12.2025

Aurore Lalucq
Cathaoirleacht
an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar an Togra le haghaidh treoir ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac (COM(2025)0580 – C10-0207/2025 – 2025/0580(CNS))

A Chathaoirligh, a chara,

Tá scrúdú déanta ag an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an togra dá dtagraítear thuas de bhun Riail 113 maidir le Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa a athmhúnlú.

Seo a leanas mír 3 den Riail sin:

‘Má mheasann an coiste atá freagrach as gnóthaí dlíthiúla nach bhfuil aon athruithe substainteacha i gceist leis an togra, seachas na hathruithe sin a shainaithnítear sa togra mar athruithe den sórt sin, cuirfidh sé an méid sin in iúl don choiste atá freagrach as ábhar an togra.

I gcás den sórt sin, de bhreis ar na coinníollacha a leagtar síos i Rialacha 187 agus 188, ní bheidh leasuithe inghlactha laistigh den choiste atá freagrach as an ábhar ach amháin má bhaineann siad leis na codanna sin den togra ina bhfuil athruithe.

Féadfaidh Cathaoirleach an choiste atá freagrach as an ábhar, áfach, mar eisceacht agus ar bhonn cás ar chás, glacadh le leasuithe ar chodanna den togra a fhanann gan athrú, má mheasann sé nó sí go bhfuil gá leis sin mar gheall ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs nó mar go bhfuil dlúthbhaint idir na leasuithe agus leasuithe inghlactha eile. Caithfear cúiseanna den sórt sin a shonrú i réasúnú i scríbhinn ar na leasuithe.’

Tar éis an tuairim atá i gceangal leis seo a fháil ó Mheitheal Chomhairleach Sheirbhísí Dlí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, a bhfuil scrúdú déanta aici ar an togra athmhúnlaithe, agus i gcomhréir leis na moltaí ón Rapóirtéir, measann an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla nach bhfuil aon leasú substainteach i gceist leis an togra atá i dtrácht seachas na leasuithe sin a shainaithnítear sa togra mar leasuithe den sórt sin, agus, a mhéid a bhaineann le códú na bhforálacha neamhathraithe ón ngníomh a bhí cheana ann in éineacht leis na leasuithe substainteacha sin, gurb é atá sa togra ná códú díreach ar an téacs atá cheana ann, gan aon athrú ina shubstaint.

Rinne an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 3

Nollaig 2025, agus tháinig sé ar an gconclúid thuas d'aon toil[1].

Is mise, le meas,

Ilhan Kyuchyuk
iat.: An tuairim ón Meitheal Chomhairleach

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Ilhan Kyuchyuk (Cathaoirleach), Marion Walsmann (Leas-Chathaoirleach), Mario Mantovani (Leas-Chathaoirleach), Lara Wolters (Leas-Chathaoirleach), Maravillas Abadía Jover, Pascal Canfin, José Cepeda, Ton Diepeveen, Mario Furore, Mary Khan, Sergey Lagodinsky, Ilia Lazarov (in ionad Emil Radev de bhun Riail 216(7)), Lukas Mandl, Arkadiusz Mularczyk, Piera Pascale, Kira Marie Peter-Hansen, Gheorghe Piperea, René Repasi, Krzysztof Śmiszek, Adrián Vázquez Lázara, Axel Vos, Michał Wawrykiewicz, Dainius Žalimas, Alessro Zan.

IARSCRÍBHINN: TUAIRIM Ó MHEITHEAL CHOMHAIRLEACH SHEIRBHÍSÍ DLÍ PHARLAIMINT NA hEORPA , NA COMHAIRLE AGUS AN CHOIMISIÚIN

MEITHEAL CHOMHAIRLEACH
NA SEIRBHÍSÍ DLÍTHIÚLA

An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2025

TUAIRIM

CHUIG: PARLAIMINT NA hEORPA
AN CHOMHAIRLE
AN COIMISIÚN

Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac
COM(2025)0580 an 16.7.2025 - 2025/0580(CNS)

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 maidir le húsáid níos struchtúrtha na teicníce um athmhúnlú maidir le gníomhartha reachtacha, agus go háirithe pointe 9 de, bhí cruinniú ag an Meitheal Chomhairleach, atá comhdhéanta de sheirbhisí dlíthiúla faoi seach Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, an 24 Meán Fómhair 2025, chun scrúdú a dhéanamh ar an togra thuasluaite arna thíolacadh ag an gCoimisiún.

Le linn an chruinnithe sin[2], is é an toradh a bhí ar an scrúdú ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena ndéantar athmhúnlú ar Threoir 2011/64/AE ón gComhairle an 21 Meitheamh 2011 maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac agus ar tháirgí a bhaineann le tobac, ná gur tháinig an Mheitheal Chomhairleach ar an tátal, gan aon easaontú, nach bhfuil aon leasuithe substainteacha sa togra seachas na cinn sin a shainaithnítear amhlaidh. Tháinig an Mheitheal Chomhairleach ar an tátal freisin, a mhéid a bhaineann le códú fhorálacha neamhathraithe an ghnímh a bhí cheana ann in éineacht leis na leasuithe substainteacha sin, gurb é atá sa togra ná códú díreach ar an téacs dlíthiúil atá ann cheana, gan aon athrú ina shubstaint.

F. DREXLER
Dlí-eolaí

E. FINNEGAN
Dlí-eolaí

D. CALLEJA CRESPO
Ardstiúrthóir

[2] Is bunaithe ar an leagan Béarla den togra a rinne an Mheitheal Chomhairleach a cuid oibre, arb é an leagan Béarla sin an mháistirchóip den téacs a bhí faoi chaibidil.